RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/171 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626 maidir le liostaí tríú tíortha agus réigiún sna tíortha sin atá údaraithe le coinsíneachtaí feithidí a thugtar isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625, leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a fhíorú i réimse na sábháilteachta bia ag gach céim den phróiseas táirgthe, próiseála agus dáileacháin, i measc réimsí eile. Thar aon ní eile, is éard a fhoráiltear ann an ceanglas seo a leanas is é sin nach ceart go dtabharfaí ainmhithe agus earraí áirithe isteach san Aontas ach amháin ó thríú tír nó ó réigiún i dtríú tír atá ar liosta a dhréachtaigh an Coimisiún chun na críche sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([2]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2017/625. Thar aon ní eile, is éard a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán Tarmligthe sin rialacha maidir le hainmhithe agus earraí áirithe nach gceadaítear a dtabhairt isteach san Aontas ach amháin ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tíortha sin atá ar an liosta ainmhithe agus earraí den sórt sin a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626 ón gCoimisiún ([3]) [arna údarú le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe agus earraí atá beartaithe i gcomhair thomhaltas an duine].

(3) Is éard a fhoráiltear le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626 nach mbeidh sé údaraithe coinsíneachtaí feithidí i gcomhair thomhaltas an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más de thionscnamh tríú tír nó réigiúin i dtríú tír atá na bianna sin agus más astu sin a coinsíníodh iad, is é sin na tíortha agus na réigiúin a liostaítear in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Tríú tíortha agus réigiúin sna tíortha sin, níor cheart a n-údarú le coinsíneachtaí feithidí a thabhairt isteach san Aontas, coinsíneachtaí atá liostaithe go cuí, ach amháin i gcás ina soláthraíonn siad an fhianaise iomchuí agus ráthaíochtaí go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625 agus in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625.

(4) An 15 Meán Fómhair 2020, thug Vítneam a dhóthain fianaise agus ráthaíochtaí don Choimisiún le háireamh ar liosta na dtríú tíortha nó réigiún sna tíortha sin atá údaraithe coinsíneachtaí feithidí a thabhairt isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Vítneam a áireamh ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626, agus ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe i gcomhair thomhaltas an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626 ón gCoimisiún an 5 Márta 2019 maidir le liostaí tríú tíortha agus réigiúin sna tríú tíortha sin atá údaraithe chun ainmhithe agus earraí áirithe a thabhairt isteach san Aontas Eorpach i gcomhair thomhaltas an duine, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 maidir leis na liostaí sin (IO L 131, 17.5.2019, lch. 31).

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IIIa a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IIIa a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/626, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála le haghaidh na Téalainne:

"VN	Vítneam"	